eDeposit Ireland

Connct 19 : Ráiteas Straitéise 2017 > 2019

Item Type	other
Citation	Ireland. Public Appointments Service, 'Connct 19 : Ráiteas Straitéise 2017 > 2019', [other], Public Appointments Service, 2017-01-01
Publisher	Public Appointments Service
Rights	Y
Download date	2026-06-16 08:30:53
Link to Item	https://hdl.handle.net/20.500.14765/91260

Connect 19

Ráiteas Straitéise
2017 > 2019

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Fís

Tríd ár ngairmiúlacht agus ár bhfís, oibrímid i gcomhar lenár gcliaint, chun daoine den scoth a mhealladh agus a thabhairt chuig seirbhís phoiblí na hÉireann.

Connect 19

- Díriú ar an Chliant
- Deiseanna do ghairmeacha iontacha
- Forbairtí agus modhanna nua
- Lucht éisteachta nua agus éagsúla
- Leictreonach agus bunaithe ar shonraí
- Meon feabhais atá bunaithe ar ár gcaighdeáin
- Tallann curtha ar fáil don tseirbhís phoiblí

Comh-réamhrá
ó Chathaoirleach an Bhoird agus an Príomhfheidh-meannach

Tá áthas orainn an cúigiú Ráiteas Straitéise de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a chur i láthair don tréimhse idir 2017 agus 2019.

Leis an gheilleagar ag feabhsú agus an riachtanas daoine a chur ar ais sa tseirbhís phoiblí agus a ullmhú do dhúshláin amach anseo, tá éileamh mór ón ár gcliaint cur le cumas i réimsí ar leith, teicniúla agus bainistíochta mar shampla. Nuair a chuirtear treochtaí déimeagrafacha, an réimse náisiúnta agus idirnáisiúnta agus cúinsí socheacnamaíocha san áireamh, táthar den tuairim go leanfaidh an t-éileamh suntasach do dhaoine a bhfuil cáilíochtaí éagsúla acu le linn shaolré na straitéise nua seo.

Feicimid an straitéis seo mar chreat uaillmhianach chun cabhrú le 'athrú céime' don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tugann sé slí chun eagraíocht chúng sholúbtha lárnach earcaíochta, measúnaithe agus roghnaithe a bhaint amach a aithneofar as caighdeáin feabhais a bhaint amach go leanúnach maidir le róil éagsúla a líonadh dár bpríomh-chliaint sa státseirbhís agus do chomhlachtaí seirbhíse poiblí eile m.sh. Rialtas Áitiúil, FnaSS, An Garda Síochána. Déanaimid gach iarracht ar bhonn leanúnach Cóid Chleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) a chomhlíonadh agus tá ár nós imeachta bunaithe ar chaighdeáin thábhachtacha bhríocha a leasaíodh tar éis dul i gcomhairle lenár mbaill foirne féin agus le páirtithe leasmhara.

Tá sé beartaithe againn ré nua a chruthú i stair na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí ina ndíreoimid i gcónaí ar ghairmiúlacht agus ar fheabhas agus ina n-oibreoimid i gcomhar lenár gcliaint chun daoine cumasacha a mhealladh chuig seirbhís phoiblí na hÉireann.

Leagann an straitéis seo amach creat feidhmiúcháin agus i dtaca le spriocanna aschuir a bhaint amach lena chinntiú go dtuigimid cad atá beartaithe againn agus cad is ciall le rath. Tugann sé teimpléad chun gníomhaíochtaí pleanála gnó a threorú agus a chur chun cinn i ngach príomh-réimse agus é beartaithe againn sár-thorthaí a bhaint amach dár gcliaint. Beidh ar gach duine sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a gcuid a dhéanamh lena chinntiú go gcomhlíonfaimid ár straitéis. Reáchtáladh comórtas i measc na mball foirne agus chun go dtuigfimid cad go díreach is ciall leis an straitéis sna trí bliana amach romhainn, tabharfaimid 'Connect 19' ar sholáthar an phlean straitéisigh. Tá ciall ar leith ag an fhocal 'Connect' le gnéithe éagsúla den obair a dhéanaimid agus conas atá sé beartaithe againn na spriocanna a shocraímid dúinn féin a bhaint amach i dtaca le hobair le Cliaint, teagmháil a dhéanamh le lucht éisteachta nua agus ilchineálach, an teicneolaíocht is úire a úsáid, feabhas atá bunaithe ar ár gcaighdeáin a chruthú, agus i ndeireadh na dála a chinntiú go gcuirimid tallann den scoth ar fáil do sheirbhís phoiblí na hÉireann.

Tá muid ag tnúth le bheith ag obair leis an fhoireann bhainistíochta agus le Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, le gach ball foirne de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, agus go háirithe lenár gcliaint chun na príomh-spriocanna in ár Ráiteas Straitéise nua - Connect '19 a sholáthar.

Fiona Tierney

Príomhfheidhmeannach

Judith Eve

Cathaoirleach Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Comhthéacs agus Deiseanna

Eacnamaíocht	Tá geilleagar na hÉireann ag teacht chuige féin ach tá éiginnteacht sa réimse eacnamaíochta i gcoitinne a d'fhéadfadh cur as dó sna blianta amach anseo. Tá iomaíocht ghéar sa mhargadh oibre faoi láthair agus tá iomaíocht ag méadú i rannóga éagsúla chun tallann a mhealladh agus a choinneáil. Tá sé deacair tallann a mhealladh go háirithe i dtaca le scileanna áirithe mar gheall ar theorainneacha airgeadais atá i bhfeidhm go fóill i ngach réimse den earnáil phoiblí.
Athchóiriú Seirbhíse Poiblí	Tá dualgas straitéiseach ar an tseirbhís phoiblí a cumas a chur ar ais mar a bhí sé agus ceannaireacht a thabhairt chun geilleagar na hÉireann a chur ina cheart arís. Tugann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tacaíocht do chlár athchóirithe na seirbhíse poiblí lena n-áirítear forbairtí i rannóga ar leith ar nós an 'Plean Gníomhaíochta Athnuachana na Státseirbhíse', pleananna straitéiseacha AD rannóga, srl. Dúshlán mór don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí is ea próisis earcaíochta agus ardú céime ag gach leibhéal a chur ar fáil chomh maith le deiseanna gairme agus gluaiseachta atá ag méadú do bhaill foirne i réimsí tíreolaíocha, eagraíochta agus rannóige lena chinntiú go bhfuil ár gcórais agus ár struchtúir solúbtha chun déileáil le hathruithe atá ag tarlú sa tseirbhís phoiblí. Bhí baint thábhachtach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le próiseas ceapacháin leasaithe do Bhoird Stáit a chur i bhfeidhm agus tá an chosúlacht ann go leanfaidh agus go bhforbróidh seo a thuilleadh de bharr na moltaí ó athbhreithniú an phróisis reatha.
Ionchas na gCliant agus na bPáirtithe Leasmhara	Tá an t-éileamh ar sheirbhísí poiblí ag méadú go mór le trí bliana agus nil aon chosúlacht ann go laghdóidh sé le linn thréimhse an phlean seo. Ní mór modh earcaíochta a bheith ar fáil atá in ann athrú de réir mar a mhéadaíonn riachtanais éagsúla ár bpríomhchliant agus leanúint le hiarrthóirí ar ardchaighdeán a theastaíonn ón ar gcliaint a sholáthar. Ní mór don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chomh maith le páirtithe leasmhara a bheith in ann déileáil leis na dúshláin a tharlaíonn de réir mar a athraíonn déimeagrafaic na seirbhíse poiblí. Beidh gá le hanailís sonraí ar ardchaighdeán chun léargas a thabhairt faoi threochtaí sa mhargadh agus maidir le riachtanais acmhainní amach anseo a thuar.
Lucht éisteachta nua a mhealladh trí theicneolaíochtaí den scoth a úsáid	Léiríonn ár dtuiscint ar an mhargadh gur infheistigh fostóirí níos mó i mbrandaí eolais a fhorbairt. Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ag obair chun eolas a fhorbairt faoin eagraíocht atá riachtanach chun gur féidir linn teagmháil a dhéanamh leis an líon is mó daoine maidir leis na poist a chuirimid ar fáil. Beidh dúshlán ann daoine cumasacha a mhealladh agus a chinntiú go léiríonn na hiarrthóirí atá ar fáil éagsúlacht na sochaí in Éirinn. Chun iarrthóirí fóirsteanacha a mhealladh beidh sé riachtanach modhanna agus gréasáin éagsúla a úsáid chomh maith le meáin dhigiteacha agus deiseanna a úsáid trí theicneolaíochtaí den scoth.
Ár Neart	Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí suite go maith chun seirbhísí earcaíochta ar ardchaighdeán a sholáthar don réimse mór cliant agus eagraíochtaí sa tseirbhís phoiblí. Tá dea-cháil ar PAS mar 'shaineolaí' maidir le hearcaíocht agus maidir le hacmhainní a chur ar fáil, chomh maith le hardcháil maidir le sár-eolas, gairmiúlacht agus saineolas mar thacaíocht do sheirbhísí éagsúla a chuireann sé ar fáil. Tá sé beartaithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí seirbhísí freagrúla agus solúbtha a sholáthar, modhanna soláthair cuí a úsáid más gá lena chinntiú go soláthraítear ar ardchaighdeán faoi nár n-údarás.

Ár gCaighdeáin

Neamh-spleáchas agus Fiúntas

Seirbhísí earcaíochta a sholáthar atá neamhspleách, bunaithe ar fhiúntas, neamhchlaonta agus faoi rún.

Cothroime agus Ionracas

Muinín a chothabháil agus a neartú maidir le cothroime, neamhchlaontacht agus trédhearcacht maidir lenár bpróisis earcaíochta, trí na caighdeáin eitice is airde a bheith i bhfeidhm.

Dínit agus Meas

Tacú le réimse a chuireann éagsúlacht chun cinn agus a chabhraíonn le daoine feidhmiú chomh maith agus is féidir leo.

Feabhas Oibríochta

Córais agus próisis ghairmiúla, nuálacha agus den scoth a úsáid chun seirbhísí earcaíochta agus measúnaithe ar ardchaighdeán a sholáthar go leanúnach agus in am.

Tiomantas don tSeirbhís Phoiblí

A bheith bródúil as freastal ar an phobal agus oibriú chun na torthaí is fearr a bhaint amach don Stát agus do mhuintir na hÉireann, agus a bheith aireach i gcónaí ar acmhainní poiblí a úsáid go cúramach agus go freagrach.

Ár gCumasóirí

Daoine agus Struchtúir

- A chinntiú go bhfuil struchtúir na heagraíochta agus próifíl agus úsáid na mball foirne de réir na dtosaíochtaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn;
- Córais earcaíochta a chur in oiriúint d'éilimh éagsúla na gcliant;
- Cur le bunús eolais bunaithe, meon leanúnach feabhsaithe a bhunú;
- Fócas, inniúlachtaí agus scileanna na mball foirne a neartú;
- Díriú ar chumarsáid éifeachtach a chothabháil san eagraíocht;
- Obair dhúshlánach agus shuimiúil a thabhairt chun gur féidir le baill foirne a gcumas iomlán a úsáid in ionad oibre sona.

Rialachas

- Díriú ar mheasúnú ar fheidhmíocht agus ar aschur a thomhas;
- Próisis éifeachtacha rialála eolais a chinntiú;
- Ár bpríomh-chaighdeáin a dhaingniú agus a neartú;
- Bainistíocht riosca a dheimhniú a thuilleadh sa ghnó;
- Leanúint le rialachas dian inmheánach maidir le caiteachas;
- Díriú ar luach ar airgead i ngach gníomhaíocht;
- Cloí le beartas agus modhanna soláthair.

Teicneolaíocht, próisis agus áiseanna

- Próisis gnó a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun sár-straitéisí oibríochta earcaíochta a sholáthar;
- Seirbhísí a sholáthar chomh maith agus is féidir trí theicneolaíochtaí den scoth a úsáid;
- Díriú ar chumarsáid éifeachtach le cliaint agus iarrthóirí;
- Straitéis fhorásach do mhargaíocht agus do mheáin shóisialta a chur i bhfeidhm;
- Córais chuí agus éagsúla do sholáthar a úsáid;
- Feabhas i bhfeidhmíocht a chur chun cinn trí anailísíocht ar shonraí a úsáid;
- Áiseanna cuí a chothabháil agus a úsáid chun gnó a sholáthar.

Connect 19

Príomh Spriocanna
2017 > 2019

Príomh Spriocanna

1. **Seirbhísí freagracha earcaíochta agus soláthair ar ardchaighdeán agus in am a sholáthar dár bpríomh-chliaint;**
2. **Ár bpróisis agus ár gcórais gnó a leasú chun an leas is fearr a bhaint as ár gcórais oibríochta;**
3. **Aitheantas poiblí na heagraíochta a fhorbairt chun iarrthóirí níos éagsúla agus ar ardchaighdeán a mhealladh;**
4. **Ár seasamh mar chomhpháirtí luachmhar a bhfuil tionchar againn agus mar ionad saineolais a neartú;**
5. **Meon agus ionad oibre forásach, ardfheidhmiúcháin atá bunaithe ar chaighdeáin a chur le chéile.**

Príomh Sprioc 1

Seirbhísí freagracha earcaíochta agus soláthair in am agus ar ardchaighdeán a sholáthar dár bpríomh-chliaint sa tseirbhís phoiblí;

Cad a dhéanfaimid chun na Spriocanna seo a bhaint amach:

- Próisis earcaíochta agus roghnaithe a cheapadh, a eagrú agus a sholáthar le freastal ar riachtanais na bpríomh-chliant;
- Sonraí agus anailís ar ardchaighdeán a bhailiú agus a úsáid chun riachtanais ár gcliant a thuar agus a thuiscint chun seirbhísí a sholáthar in am;
- Bearta agus anailís a bhailiú agus a úsáid chun caighdeán na n-iarrthóirí agus na gceapachán a thaifead;
- Athbhreithniú a dhéanamh agus struchtúir fhorásacha a chur i bhfeidhm mar thacaíocht do shlí sholúbtha maidir le seirbhís a sholáthar;
- Modhanna eile a scrúdú agus a chur i bhfeidhm sa mhargadh agus go hidirnáisiúnta chun ár seirbhísí a sholáthar (teicneolaíochtaí / córais soláthair nua / modhanna measúnaithe nua srl).

Príomh-Bhearta:

- 90% de gach ról líonta do chliaint;
- 90% de chliaint sásta le caighdeán na seirbhíse agus na n-iarrthóirí do phróiseas na mBord Stáit;
- Sannadh ó phainéil le déanamh taobh istigh de 6 sheachtain ón am a rinne an cliant iarratas;
- 90% de chomórtais Earcaíocht Ardfheidhmeannach déanta taobh istigh de 12 sheachtain;
- 90% de chomórtais Ghairmiúla agus Theicniúla déanta taobh istigh de 16 sheachtain;
- 90% de chomórtais Bhoird Stáit chun liosta de dhaoine oiriúnacha le ceapadh ag an Aire taobh istigh de 8 seachtaine;
- 90% de ghnéithe a bhaineann leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le comórtais do Chomhairligh Ospidéil críochnaithe taobh istigh de 16 sheachtain;
- Dhá phíolóta sa bhliain faoi bhearta difriúla maidir le seirbhís a sholáthar comhlíonta;
- Gréasán láidir de theagmhálaithe idirnáisiúnta maidir le dea-chleachtas earcaíochta curtha ar bun.

Aschur:

- Teagmhálaithe bainistíochta do chaidreamh le cliaint bunaithe do gach comhlacht seirbhíse poiblí;
- Teagmháil agus comhoibriú le cliaint thábhachtacha agus páirtithe leasmhara maidir le héileamh a thuar agus comórtais a phleanáil;
- SLAs agus/nó pleananna tionscadail i bhfeidhm do gach comórtas;
- Cliaint sásta le caighdeán agus éifeachtúlacht na seirbhíse;
- Dhá chuairt thagarmharcála sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh agus/nó modhanna nua earcaíochta agus oibríochtaí gnó.

Ár bpróisis agus ár gcórais gnó a leasú chun an leas is fearr a bhaint as ár gcórais oibríochta;

Cad a dhéanfaimid chun na Spriocanna seo a bhaint amach:

- Próisis láidre, éifeachtacha agus nuálacha a fhorbairt níos mó in ár n-oibríochtaí chun dea-thorthaí a bhaint amach;
- Córais éifeachtacha anailíse sonraí agus do bhainistíocht eolais a fhorbairt mar thacaíocht do ghníomhaíochtaí earcaíochta, cumas a bhainistiú agus do phlenáil do ghníomhaíochtaí amach anseo;
- Cur le húsáid áiseanna féin-seirbhíse ag na príomh-phointí teagmhála ar mhaithe leis an chustaiméir;
- Ardáin earcaíochta TE a leasú do inscálaitheacht agus solúbthacht;
- Ár gcumas a mhéadú chun measúnú (trialacha, agallaimh) sruthlíneach agus slán ar líne agus dinimiciúil a sholáthar;
- Ár dtacaíocht a mhéadú don agallóir, earcaitheoir agus maidir le scileanna an chliaint a fhorbairt trí uirlisí ríomhaireachta;

Príomh-Bhearta:

- Tuairiscí gach ceathrú ar chaighdeáin seirbhíse do gach grúpa custaiméirí;
- 95% de thrialacha ar fáil ar líne;
- 100% de ghearrliostú agus 75% do bhoird agallaimh le bheith gan pháipéar;
- 85% d'iarrthóirí sásta agus 90% de chliaint sásta le húsáid eolais atá ar fáil do sheirbhísí ar líne;
- comhlíonadh 100% le prótacail do bhaill boird;
- 95% sásta leis an oiliúint a cuireadh ar fáil do bhaill de bhoird roghnaithe

Aschur:

- Gach tionscnamh straitéiseach forbartha de réir an Ráitis Straitéise.
- Leasaíodh próisis ghnó trí athbhreithnithe agus tionscadail faoi chaighdeán agus faoi phróisis gnó a dhéanamh go rialta.
- Soláthraíodh an Tionscadal Ardán Earcaíochta TE in am;
- Úsáideadh an teicneolaíocht is úire mar thacaíocht do ghnó earcaíochta;
- Cláir chuimsitheacha foghlama cumaisc ar fáil nuair a d'oir.

Aitheantas poiblí na heagraíochta a fhorbairt chun iarrthóirí níos éagsúla agus ar ardchaighdeán a mhealladh;

Cad a dhéanfaimid chun na Spriocanna seo a bhaint amach:

- Straitéis margaíochta a fhorbairt chun aitheantas branda a bhunú agus caighdeán agus éagsúlacht na n-iarrthóirí a fheabhsú;
- Súil a choinneáil ar threochtaí agus i gcomhar lenár gcliaint modhanna nuálacha a fháil chun iarrthóirí den scoth a fháil agus a mhealladh;
- Modhanna soláthair ar líne agus digiteacha a úsáid atá dírithe ar publicjobs.ie leasaithe chomh maith le díriú ar 'digital first' maidir le forbairtí.
- Modhanna, gréasáin agus teicneolaíochtaí éagsúla a úsáid chun teacht ar lucht éisteachta nua agus éagsúil.
- A chinntiú go dtaitníonn ár bpróisis iarratais agus measúnaithe le lucht éisteachta de chineálacha éagsúla.

Príomh-Bhearta:

- Méadú 100% maidir le daoine a chur ar an eolas faoi publicjobs.ie i lucht éisteachta a ndírítear orthu chun déileáil leis an éagsúlacht sa bhreis atá riachtanach sa tseirbhís phoiblí;
- Méadú 10% sa bhliain i líon na ndaoine a úsáideann publicjobs.ie;
- Méadú 20% sa bhliain i líon na ndaoine a úsáideann stateboards.ie;
- 90% d'iarrthóirí sásta leis an tseirbhís a tugadh d'iarrthóirí faoi mhíchumas;
- Méadú 20% i líon na ndaoine nua chuig publicjobs.ie agus stateboards.ie
- Méadú 50% in úsáid dhigiteach (i.e ar phríomh-ardáin ar líne).

Aschur:

- Straitéis margaíochta a chur i bhfeidhm agus a sholáthar;
- Buíon i bhfad níos mó d'iarrthóirí éagsúla;
- Aitheanta as feabhas maidir le héagsúlacht earcaíochta agus roghnaithe.

Príomh Sprioc 4

Ár stádas mar chomhpháirtí agus mar ionad feabhais luachmhar a bhfuil tionchar acu a dhaingniú;

Cad a dhéanfaimid chun na Spriocanna seo a bhaint amach:

- A bheith gníomhach le gréasáin/tionscadail san earnáil phoiblí agus cur go fiúntach le forbairt beartais agus próisis déanta cinntí;
- Sonraí agus anailís ar ardchaighdeán a úsáid chun an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a dheimhniú mar shaineolaí sa mhargadh maidir le soláthar seirbhíse poiblí, ionchur go rialta ar cheisteanna, treochtaí agus maidir le héileamh a thuar;
- Comhairle faoi sheirbhís a thabhairt do chliaint maidir le dea-chleachtas earcaíochta agus roghnaithe m.sh. seimineáir mheasúnaithe do chliaint; agus modhanna leasaithe a fhógairt;
- Athbhreithniú a dhéanamh agus an leas is fearr a bhaint as ár ról mar shaineolaithe earcaíochta ag gach staid den phróiseas earcaíochta;
- Ceannaireacht a thabhairt maidir leis an chlár éagsúlachta a chur chun cinn;
- Treoir leictreonach a thabhairt faoi dhea-chleachtas earcaíochta d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí i gcoitinne.

Príomh-Bhearta:

- 90% de chliaint sásta le saineolas na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus leis an chomhairle a fuarthas ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí;
- Méadú 20% i bpáirt a ghlacadh sa líonra;
- Dhá Sheimineár faoi Fheabhas Earcaíochta do chliaint gach bliain;
- Foireann Uirlisí Earcaíochta agus Roghnaithe ceartaithe foilsithe i 2017;
- Eolas a thabhairt do dhíospóireacht faoi earcaíocht san Earnáil Phoiblí trí thuairiscí agus cur i láthair atá bunaithe ar fhianaise faoi cheisteanna tábhachtacha.

Aschur:

- Aithnítear an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar chomhlacht tábhachtach sa chlár AD ginearálta san Earnáil Phoiblí agus dá bharr sin is féidir a chinntiú go dtugtar dóthain airde ar thionchar earcaíochta ar réimsí eile de AD (agus vice versa);
- Teagmháil agus comhoibriú go rialta le cliaint maidir le héileamh a bhainistiú agus comórtais a phleanáil thar thréimhse níos faide;
- Go n-aithníonn baill foirne a saineolas maidir le hearcaíocht;
- An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bheith i láthair agus cur níos mó le cúrsaí ag comhdhálacha tábhachtacha agus i bhfóraim ábhartha.

Príomh Sprioc 5

Meon agus ionad oibre forásach, ardfheidhmiúcháin atá bunaithe ar chaighdeáin a chur le chéile.

Cad a dhéanfaimid chun na Spriocanna seo a bhaint amach:

- Tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun baill foirne a spreagadh agus a aithint maidir le seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar go rialta chomh maith lenár gcaighdeáin a chur i bhfeidhm;
- Cumas na foirne bainistíochta a mhéadú chun dea-cheannaireacht a sholáthar don fhoireann oibre;
- Cur leis an dea-scéal do bhaill foirne ó thorthaí na suirbhéanna trí shár-chumarsáid;
- Ceannaireacht a thabhairt maidir leis an chlár éagsúlachta a chur chun cinn;
- An t-ionad oibre a leasú chun réimse nua-aoise, bríomhar agus chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de a chruthú;
- Cláir foghlama agus forbartha ar ardchaighdeán a sholáthar go leanúnach chun cumas agus gairmiúlacht na mball foirne ar fad a neartú.

Príomh-Bhearta:

- Marcanna arda a bhaint amach i gcónaí i Suirbhé Teagmhála Fosaithe na Státseirbhíse.
- Plean Foghlama agus Forbartha Bliantúil soláthraithe;
- Clár Forbartha d'Earcaitheoir gairmiúil i bhfeidhm do gach ball foirne;
- 90% de bhaill foirne sásta le haitheantas do bhaill foirne, le caighdeáin a chleachtadh agus le caighdeán na foghlama agus na forbartha;
- 90% de bhaill foirne sásta le tacaíocht do agus maidir le héagsúlacht a chur chun cinn.

Aschur:

- An Creidiúnú Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe coinnithe;
- An Tionscadal Éagsúlachta soláthraithe gach bliain ag díriú ar ghnéithe éagsúla d'éagsúlacht;
- Ár 'Straitéis maidir le Daoine' forbartha mar thacaíocht don Ráiteas Straitéise;
- Gréasáin níos láidre bunaithe mar thacaíocht dár n-iarrachtaí éagsúlacht a chur chun cinn.

Connect 19

Ár Slí Earcaíochta

Ár spriocanna:

- Seirbhísí earcaíochta agus soláthair freagracha, ar ardchaighdeán agus in am a sholáthar dár gcliaint;
- Ár bpróisis agus ár gcórais gnó a leasú chun an leas is fearr a bhaint as ár gcórais oibríochta;
- Aitheantas poiblí na heagraíochta a fhorbairt chun iarrthóirí níos éagsúla agus ar ardchaighdeán a mhealladh;
- Ár stádas mar chomhpháirtí agus mar ionad feabhais fiúntach a bhfuil tionchar acu a dhaingniú;
- Meon agus ionad oibre forásach, ardfheidhmiúcháin atá bunaithe ar chaighdeáin a chur le chéile.



Ár gCumasóirí

- **Daoine agus Struchtúir**
- **Rialachas**
- **Teicneolaíocht, Próisis agus Áiseanna**

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí,
Áras na Caibidle,
26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1,
D01 C7W6

Tel: +353-1-8587400
Email: info@publicjobs.ie
info@stateboards.ie
Web: www.publicjobs.ie
www.stateboards.ie